

# **AN SCÉIM CHÚITIMH I LEITH DÍOBHÁLACHA PEARSANTA A RINNEADH GO COIRIÚIL – ARNA LEASÚ AMHAIL ÓN 1 AIBREÁN, 1986**

## **Iarratas i ndáil le Díobháil Mharfach (Foirm Iarratais ar fáil i ndiaidh na Nótaí.)**

Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais, tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh cúiteamh iníoctha i gcás go raibh an ciontóir agus an t-íospartach ina gcónaí le chéile tráth an teagmhais faoi théarmaí Airteagal 10 den Scéim.

### **Cúlra na Scéime**

Ag an tús, is tábhachtach a lua gur dréachtaíodh an Scéim chun go mbeadh sí intuigthe ag duine ar bheagán eolais dhlíthiúil nó gan aon eolas dá leithéid, agus chun go mbeadh duine dá leithéid, ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann féin, in ann iarratas a dhéanamh chuig an mBinse gan aon ghá le cúnaimh dlíthiúil. Maidir leis sin, de réir na Scéime bíonn dualgas ar an mBinse gan aon rud a dhéanamh a d'fhéadfadh cineál neamhfhoirmiúil na Scéime a athrú.

Bunaíodh an Binse an 8 Bealtaine 1974 chun an Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta a Rinneadh go Coiriúil a riaradh. Rinneadh an Scéim féin a shiardhátú go dtí an 1 Deireadh Fómhair, 1972. Mar sin, ón 1 Deireadh Fómhair, 1972, bhí daoine ar bhain díobháil dóibh mar gheall ar choir foréigin laistigh de dhlínse Stát na hÉireann in ann leas a bhaint as na réitigh dá bhforáiltear faoin Scéim. D'eascair an gá le Scéim dá leithéid as an bhfíric nach mbíonn cistí leordhóthanacha ag déantóirí coireanna, de ghnáth, chun leibhéal na ndamáistí a dhámhfhadh na cúirteanna faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 a íoc. Go héifeachtúil, ní raibh aon réiteach dlíthiúil ar fáil d'íospartaigh coireanna dá ndíobhálacha.

Faoin Scéim, glacann an Stát áit an chiontóra ó thaobh cúiteamh a thabhairt don íospartach de. Ní ghlacann an Stát le dliteanas as an gcion inar bhain an díobháil don íospartach, áfach.

### **An Binse**

Ar an mBinse tá an Cathaoirleach agus seisear gnáth-chomhaltaí a cheapann an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Caithfidh gach comhalta a bheith ina abhcóide cleachtach nó ina atur nae cleachtach. Cuireann an Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhinse a seirbhísí ar fáil don Bhinse ar bhonn páirtaimseartha. Cuidíonn foireann bheag riaracháin atá suite in oifigí an Bhinse ag, Urlár 2, Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague, BÁC 2, D02 FT96, leis an mBinse.

Próiseálann foireann an Bhinse iarratais chuig an mBinse ar dtús. Bíonn foireann an Bhinse freagrach as fiosrúcháin a dhéanamh faoi imthosca an teagmhais atá ina ábhar den iarratas agus as a chinntiú go mbíonn éilimh faoin Scéim tacaíthe ag cáipéisí ábhartha.

Nuair a bheidh na fiosrúcháin uile críochnaithe, cuirfear an t-iarratas faoi bhráid chomhalta an Bhinse le cinneadh a fháil. I gcás go mbeidh an t-iarrthóir sásta le cinneadh chomhalta an Bhinse síneoidh sé/sí foirm ghlactha agus íocfar an dámhachtain in am is i dtráth. Mura mbeidh iarrthóir sásta le cinneadh an chomhalta aonair féadfaidh sé/sí achomharc i gcoinne an chinnte sin a thaisceadh. Déantar achomhairc os comhair an Bhinse trí mheán éisteachta ó bhéal os comhair triúr comhaltaí den Bhinse, gan chomhalta an Bhinse a rinne an cinneadh tosaigh san áireamh. Is é cinneadh an achomhairc an réiteach deiridh ar fáil d'iarrthóir faoin Scéim.

### **Nótaí faoin bhFoirm Iarratais i ndáil le Díobhálacha Marfacha**

Chun cuidiú leis an mBhinse d'iarratas a phróiseáil, léigh na nótaí seo go cúramach, le do thoil, agus déan do dhícheall gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt. I gcás go mbeidh deacracht agat le haon ghné den fhoirm iarratais, déan teagmháil le Foireann an Bhinse ar ghuthán (01) 4768670 nó ag Urlár 2, Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague, BÁC 2, D02 FT96, le cúnaimh a fháil.

### **Incháilitheacht**

Chun bheith incháilithe do chúiteamh faoin Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta a Rinneadh go Coiriúil caithfidh na díobhálacha marfacha a bhain don íospartach a bheith

- (a) Mar thoradh ar theagmhas laistigh de Stát na hÉireann nó ar bord loinge nó aerárthaigh Éireannaigh.
- (b) inchurtha go díreach i leith coire foréigin, nó
- (c) inchurtha go díreach i leith teagmhais ina raibh an t-íospartach ag cuidiú le coir a chosc nó saol duine a shábháil.

### **Foirm Iarratais Aonair:**

Eascraíonn an ceanglas seo as forálacha mhír 48 den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961 mar a leanas:

Mír 48

- (2) Ní fhéadfar ach aon chaingean amháin mar gheall ar dhamáistí a thionscnamh i gcoinne an duine chéanna i leith an bháis.
- (4) Cibé duine a thionscnóidh an chaingean, is caingean chun tairbhe do na cleithiúnaithe go léir a bheidh inti.
- (5) Tabharfaidh an gearánaí don chosantóir sonraí ar an duine ar dó agus thar a cheann nó ar na daoine ar dóibh agus thar a gceann a bheidh an chaingean á thionscnamh agus ar an gcineál éilimh a bhfuiltear ag iarraidh damáistí a ghnóthú ina leith.

## **An Scéim mar a bhaineann sí le hiarratais i ndáil le díobháil mharfach.**

I measc eile, foráiltear in Airteagal 6 den Scéim go mbeidh “an cúiteamh a dhámhfaidh an Binse ar bhonn damáistí a dhámhtar faoi na hAchtanna um Dhliteanas Sibhialta:

Beidh cúiteamh bunaithe ar an gcaillteanas airgid iarbhír a bhainfidh do na cleithiúnaithe nó ar dóchúil go mbainfidh sé dóibh.

Ní mór cúiteamh a laghdú faoi luach aon teidlíocht chun sochar Leasa Shóisialaigh a éireoidh mar thoradh ar an mbás chun tairbhe an duine a dámhfar an dámhachtain air nó uirthi.

### **Nuair a Bheidh an Fhoirm Iarratais á Comhlánú – Bí cinnte go bhfreagróidh tú na ceisteanna uile**

**Roinn 1(f):** Déan cinnte go bhfuil an Uimhir PSP i gceart

**Roinn 2** Déan cinnte go bhfuil uimhir PSP an éagaigh i gceart

**Roinn 2 (a)** Tá na mionsonraí a iarrtar ag 2 (f) (g) (h) agus (j) riachtanach chun cur ar chumas an Bhinse cúiteamh a chinneadh i ndáil le caillteanas tuillimh do chleithiúnaithe an Éagaigh.

## **San Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961, sainítear Cailteanas Tuillimh mar seo a leanas:**

Mír 48.(1) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961; Más é is cúis le bás duine gníomh éagórach ag duine eile de shaghas a thabharfadh teideal don pháirtí a díobháladh, mura mbeadh a bhás, caingean a chothú agus damáistí a ghnóthú ina leith, beidh an duine a bheadh faoi dhliteanas amhlaidh faoi dhliteanas i leith caingne mar gheall ar dhamáistí chun tairbhe an éagaigh.

Sainítear ríomh cailteanais tuillimh faoin Acht ag mír 49 den Acht.

Mír 49 (1)(a)(i) iomlán na suimeanna (más aon suim é) a mheasfaidh an breitheamh a bheith i gcoibhneas leis an díobháil a bhain de dheasca an bháis do gach duine, faoi seach, de na cleithiúnaithe ar dó nó thar a cheann a tionscnaíodh an chaingean.

Tugann fo-alt (1) de mhír 48 cúis chaingne do chleithiúnaithe Éagaigh i gcás inar chúis le díobhálacha marfacha an éagaigh gníomh éagórach ag duine eile (lena n-áirítear mainneachtain nó faillí eile) a thabharfadh teideal don éagach agair rathúil a dhéanamh ar an duine sin ina leith. Mar sin, ní féidir le cleithiúnaithe leas a bhaint as cúis chaingne an Éagaigh ach amháin “i gcás go raibh sé de cheart ag an éagach, tráth a bháis, caingean a thabhairt agus damáistí a fháil don ghníomh, don fhaillí nó don mhainneachtain faoina bhfuil gearán á dhéanamh acu”.

Is é seo a leanas sainiú na gcúirteanna ar ríomh cailteanais tuillimh do chleithiúnaithe i gcásanna marfacha:

*“Na damáistí a dhámhfar i leith costas iarbhír agus ionchasach a rachaidh na cleithiúnaithe fúthu de dheasca bhás an éagaigh i ndiaidh aon ghnóthachan airgid a éireoidh dóibh a bhaint.”*

Mar shampla, dúirt an Breitheamh Lavin gur gá a chruthú go raibh cúis chaingne dílsithe don Éagach tráth a bháis nó a báis chun go n-éireodh le gearánaí faoi Alt 48, i.e. níl ag na cleithiúnaithe ach na cearta a bhíodh ag an éagach.

Dá mba rud é gur dhuine fostaithe é an t-éagach, ba chóir deimhniú tuillimh a fháil ó iar-fhostóirí an Éagaigh i ndáil leis an tréimhse 12 mhí roimh a bháis. Ba chóir don deimhniú an t-ollphá a fuair an t-éagach, an méid a íocadh i gCáin Ioncaim agus an méid a íocadh i ranníocaíochtaí ÁSPC le linn na tréimhse sin a lua. Ba chóir cóip den Fhoirm P60 deiridh a fuair an t-éagach a aighniú freisin. Ba chóir aon íocaíochtaí breis-ama a chuimsítear sna figiúirí a aithint go soiléir. Ba chóir don Deimhniú an cháil inar fostaíodh an t-éagach a lua. An Dáta ar ar thosaigh an t-Éagach ag obair leis an ngnólacht sin.

I gcás gur dhuine féinhostaithe é an t-Éagach, ba chóir ráiteas ó na Coimisinéirí Ioncaim a léiriú an glanmhéid a thuill an t-Éagach sna trí bliana roimhe a aighniú.

I ngach cás thuas, beidh cailteanas tuillimh sa todhchaí bunaithe ar thuairisc achtúireach.

## **Costais Adhlactha**

Déanann mír 49 den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 foráil d’aisghabháil costas adhlactha freisin;

49(2) Ina theannta sin, féadfar damáistí a dhámhadh i leith costais adhlactha agus costais eile a ndeachaigh an t-éagach, na cleithiúnaithe nó an t-ionadaí pearsanta fúthu iarbhír mar gheall ar an ngníomh éagórach.

Shainigh na Cúirteanna na costais is féidir a aisghabháil faoin mír seo

*“San áireamh sna costais is in-aisghafa de ghnáth tá na costais i gceist le huaigh, le cónra, le balsamú, le leac thuama, le haibíd, le bláthfhleasca agus le hiompar an choirp; costais taistil na sochraideach is cleithiúnaithe; táillí reiligirí, mortlóirí agus adhlacóirí; costais fógraíochta, costas éadaí don tsochraid do chleithiúnaithe agus costas faire”*

Beidh gá le Cuntas agus admhálacha an Adhlacóra i ndáil le caiteachas eile chun méid an chúitimh a mheasfar faoin teideal seo a chinneadh.

**Deontais:** Tá dhá dheontas ar fáil chun cabhrú le cleithiúnaí costais adhlactha a íoc, mar seo a leanas:

- Deontas méala ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- Liúntas leasa shóisialaigh forlíontach ar fáil ón Oifigeach Leasa Pobail áitiúil

Nuair a bheidh roinn 3(d) á comhlánú agat, ní mór duit a lua an bhfuair tú ceachtar den dá íocaíocht thuas nó an dá cheann, agus ní mór duit seoladh d'Oifigigh Leasa Pobail áitiúil a lua agus cóip den seic/de na seiceanna nó den chomhfhreagras a fuarthas a chuimsiú, más féidir.

I gcás nach bhfuair tú ach ceann de na híocaíochtaí ná i gcás nach bhfuair tú ceachtar díobh ní mór duit é sin a lua ar an bhfoirm.

**Roinn 4:** Líon isteach Ainm, Dáta Breithe agus Caidreamh gach cleithiúnaí leis an Éagach.

### **Sainmhíniú ar Chleithiúnaí**

De réir mhír 47 – (1) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961 ciallaíonn cleithiúnaí, maidir le duine ar gníomh éagórach is cúis lena bhás -

- (a) céile, tuismitheoir, seantuismitheoir, leastuismitheoir, mac, iníon, ó, leasmhac, leasiníon, deartháir, deirfiúr, deartháir leasghaolmhar nó deirfiúr leasghaolmhar an Éagaigh.
- (b) Duine a raibh a phósadh leis an éagach díscailte ag foraithe colscartha a deonaíodh faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) nó faoi dhlí tíre nó dlínse seachas an Stáit agus atá aitheanta sa Stát, nó
- (c) duine nach raibh pósta leis an Éagach ach a bhí ina chónaí nó ina cónaí leis an éagach mar fhearchéile nó mar bhanchéile go dtí dáta bhás an éagaigh, ar feadh tréimhse leanúnaí nach giorra ná trí bliana, a d'fhulaing díobháil nó anbhuaín meabhrach mar gheall ar an mbás.

(2) Nuair a bheidh aon ghaol á ríomh chun críocha na Coda seo-

- (a) measfar gur sliocht dlisteanach ar an uchtóir nó ar na huchtóirí duine a uchtaíodh faoin Acht Uchtála 1952;
- (b) faoi réir mhír (a) den fho-alt seo, measfar gur sliocht dlisteanach ar a mháthair agus ar a athair toimhdean duine mídhlisteanach;
- (c) measfar gur tuismitheoir duine eile duine atá *in loco parentis* don duine eile sin.

### **Anbhuaín Meabhrach ar fáil faoin Scéim**

Leagtar an méid is féidir a dhámhachtain mar thoradh ar anbhuaín meabhrach amach i Mír 49 den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961.

Ciallaíonn sin nach féidir an méid a chionroinnfear do chleithiúnaí amháin nó do roinnt cleithiúnaithe a bheith níos mó ná €35,000.00 (ó 11 Eanáir 2014). Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an méid faoin teideal seo a leasú ó am go ham.

## **Tabhair faoi deara**

Nuair a chuirfidh tú an fhoirm iarratais isteach, déan leaganacha bunaidh de na Deimhnithe seo a leanas a cheangal léi, le do thoil  
Seolfar na foirmeacha bunaidh ar ais chugat agus coinneofar cóipeanna ar comhad.

Deimhniú Báis an Íospartaigh  
Deimhniú Pósta an Iarrthóra (i gcás go raibh sé/sí pósta leis an íospartach)  
Teastais Bhreithe leanaí an íospartaigh agus aon chleithiúnaithe eile

I gcás gur bhreá le cleithiúnaí a cheart/a ceart chun cúitimh a tharscaoileadh ar mhaithe leis na cleithiúnaithe eile, ba chóir dó/dí tarscaoileadh a shíniú chuige sin.

**Roinn 5** Tá na mionsonraí a iarrtar i roinn 4 ag teastáil chun cur ar chumas an Bhinse tuairisc an Gharda Síochána ar an teagmhas inar cailleadh an t-íospartach a lorg.

Tá tuairisc an Gharda Síochána ábhartha don Bhinse:

- a. Chun a dheimhniú cibé ar bhain nó nár bhain díobhálacha marfacha don Éagach mar gheall ar choir foréigin.
- b. Cibé ar chuir nó nár chuir iompar an Éagaigh leis an teagmhas a raibh a bhás/a bás mar thoradh air
- c. Cibé an raibh nó nach raibh meon an Éagaigh de chineál a chiallódh go mbeadh sé míchuí cúiteamh a íoc.

## **Airteagail 13 agus 14 den Scéim**

Nuair a bheidh iarratas á bhreithniú ag comhalta an Bhinse, léifidh sé nó sí Tuairisc an Gharda Síochána, agus ansin ní mór dó nó di forálacha Airteagal 13 agus 14 den Scéim a bhreithniú mar a bhaineann siad leis an iarratas.

Féadfaidh cleithiúnaithe a fháil gur cúis le hanbhuaain é inneachar thuairisc an Gharda Síochána. Mar sin féin, faoin Scéim tá sé de dhualgas ar an mBinse aird iarrthóra a tharraingt ar aon cháipéisí a bhreithneofar nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh. Breithnítear tuairisc an Gharda Síochána i gcónaí, agus mar sin, ní mór í a thabhairt ar aird an iarrthóra i gcónaí.

### **Luann Airteagail 13 agus 14 den Scéim;**

13. Ní bheidh aon chúiteamh iníoctha más deimhin leis an mBinse go raibh an t-íospartach freagrach as an gcion a bhí ina chúis lena dhíobhálacha, mar gheall ar bhriogaireacht nó ar aon slí eile, agus féadfaidh an Binse méid dámhachtana a laghdú i gcás ina raibh an t-íospartach freagrach go páirteach as an gcion, i dtuairim an Bhinse.
14. Ní bheidh aon chúiteamh iníoctha más deimhin leis an mBinse go gciallaíonn iompar an íospartaigh, a mheon nó a mhodh maireachtála nach cuí go ndámhfar dámhachtain dó agus féadfaidh an Binse méid dámhachtana a laghdú i gcás gur cuí

é sin a dhéanamh, i dtuairim an Bhinse, ag féachaint d'iompar, do mheon nó do mhodh maireachtála an íospartaigh.

Faoi théarmaí Airteagail 13 agus 14 den Scéim féadfar iarratas a laghdú nó diúltú go hiomlán dó bunaithe go hiomlán ar mhodh maireachtála an Éagaigh, taifead coiriúil an Éagaigh nó a ghníomhaíochtaí/a gníomhaíochtaí roimh nó ag tráth a bháis/a bás.

**Roinn 6.**

Tá gá leis na mionsonraí a iarrtar ag roinn 6 chun cur ar chumas an Bhinse Tuairiscí Míochaine a fháil faoin údarás a thugtar i roinn 9 den fhoirm, chun cúis an bháis a bhunú, go háirithe i gcás go raibh aga idir an díobháil a bhain don íospartach agus a bhás/a bás.





Uimh. Thag. \_F/ \_\_\_\_\_ D'úsáid oifigiúil amháin

**AN SCÉIM CHÚITIMH I LEITH DÍOBHÁLACHA  
PEARSANTA A RINNEADH GO COIRIÚIL – ARNA LEASÚ  
AMHAIL ÓN 1 AIBREÁN, 1986**

**Arna riaradh ag**

**An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla,  
Urlár 2, Cúirt Montague,  
7-11 Sráid Montague,  
BÁC 2, D02 FT96.  
Uimhir Ghutháin: **(01) 4768670****

**FOIRM IARRATAIS**

**DÍOBHÁIL MHARFACH MAR THORADH AR CHOIR  
FORÉIGIN**

**Déan na ceisteanna uile a fhreagairt, le do thoil. Úsáid peann dubh agus  
scríobh i mBLOCLITREACHA.**

**I gcás go mbeidh aon deacracht agat leis an bhfoirm seo a chomhlánú, cuir glaoch ar  
an uimhir thuas chun cúnamh a fháil**

1. MIONSONRAÍ AN IARRTHÓRA

(a) Sloinne Uasal/Bean/Iníon/Ms

\_\_\_\_\_

(b) Céadainmneacha \_\_\_\_\_

(c) Seoladh \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(d) Dáta Breithe \_\_\_\_\_

(e) Gairm Bheatha \_\_\_\_\_

(f) Uimh. P.S.P. \_\_\_\_\_

(g) Caidreamh leis an Éagach \_\_\_\_\_

(h) Uimh. Teagmhála Ghutháin \_\_\_\_\_

## 2. MIONSONRAÍ AN ÉAGAIGH

(a) Sloinne Uasal/Bean/Iníon/Ms

\_\_\_\_\_

(b) Céadainmneacha \_\_\_\_\_

(c) Neamhphósta/Pósta/Baintreach/Baintreach Fir \_\_\_\_\_

(d) Dáta Breithe \_\_\_\_\_

(e) Dáta Báis \_\_\_\_\_

(f) Seoladh tráth a B(h)áis \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(g) Gairm Bheatha \_\_\_\_\_

(h) Uimh. P.S.P.

\_\_\_\_\_

(i) Ainm agus seoladh fhostóirí an Éagaigh \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

### TABHAIR FAOI DEARA

Déan deimhniú tuillimh ón bhfostóir do bhliain iomlán dheireanach fostaíochta an éagaigh a cheangal leis seo, a leagfaidh amach: Dáta tosaithe na fostaíochta, an cháiil inar fostaíodh é/í, olltuilleamh don bhliain seo caite, ranníocaíochtaí ÁSPC don bhliain agus cáin ioncaim a íocadh. I gcás go mbeidh aon deacrachtaí agat i ndáil leis seo, scríobhfaidh an Binse thar do cheann.

(j) I gcás go raibh sé/sí féinfhostaithe, tabhair mionsonraí an ghnó agus an seoladh ag a ndearnadh é

---

---

(k) Ioncam tuillte ag baill eile teaghlaigh \_\_\_\_\_

---

(l) An raibh an t-Éagach ag fáil ioncaim ó aon fhoinsí eile? Má bhí, tabhair mionsonraí díobh \_\_\_\_\_

---

(m) Cé mhéad airgid a chuir an t-Éagach ar fáil in aghaidh na seachtaine dá chothabháil/dá cothabháil féin?

---

---

(n) Cé mhéad airgid a chuir na daoine seo a leanas ar fáil in aghaidh na seachtaine do chostais teaghlaigh agus do chothabháil an bhaile;

(i) An t-Éagach \_\_\_\_\_

(ii) Baill eile teaghlaigh \_\_\_\_\_

### 3. COSTAIS

(a) Costais mhíochaine, más ann, a ndeachaigh cleithiúnaithe fúthu i ndáil le bás an éagaigh \_\_\_\_\_

---

(b) Costas Adhlactha \_\_\_\_\_

Leac thuama \_\_\_\_\_

Sólaistí (gan deoch alcólach san áireamh)

---

Ilghnéitheach \_\_\_\_\_

(Déan Cuntas Adhlactha agus admhálacha do chostais eile a cheangal leis seo)

(c) Tabhair mionsonraí agus luach na maoinne fágtha ag an Éagach

\_\_\_\_\_

(d) Méid an Deontais Mhéala a fuarthas ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh \_\_\_\_\_

(e) Méid an deontais a fuarthas ón Oifigeach Leasa Pobail áitiúil

\_\_\_\_\_

(f) Seoladh an Oifigh Leasa Pobail áitiúil \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

#### 4 MIONSONRAÍ LEANAÍ NÓ CLEITHIÚNAITHE EILE

Ainm iomlán	Dáta Breithe	Caidreamh leis an Éagach
-------------	--------------	--------------------------

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

- Déan Deimhniú Báis bunaidh i ndáil leis an Éagach a cheangal leis seo
- Déan Teastas Breithe bunaidh i ndáil le gach cleithiúnaí ar bhreá leis nó léi a bheith curtha san áireamh san éileamh a cheangal leis seo.
- Déan tarscaoileadh sínithe i ndáil le gach cleithiúnaí (os cionn 18 mbliana d'aois) ar bhreá leis nó léi a t(h)eidlíocht chun cúitimh a tharscaoileadh a cheangal leis seo.

- Féach ar na nótaí, leathanach 5, chun sainmhíniú ar chleithiúnaí a fháil.

## 5. MIONSONRAÍ I nDÁIL LE CÚIS AN BHÁIS

(a) Dáta agus Am an Teagmhais \_\_\_\_\_

(b) Suíomh \_\_\_\_\_

(c) Mionsonraí an Teagmhais \_\_\_\_\_

---

---

---

(d) Ainm agus Seoladh Stáisiún an Gharda Síochána a bhfuil an teagmhas á imscrúdú ann \_\_\_\_\_

---

---

(e) Ainm an chiontóra, má tá an t-eolas ar fáil \_\_\_\_\_

(f) An ndearnadh an ciontóir a ionchúiseamh \_\_\_\_\_

## 6. CÓIRÉAIL MHÍOCHINE, i gcás go bhfuair an t-éagach cóireáil roimh a b(h)ás.

(a) Ainm agus seoladh an dochtóra a thug an chóireáil (má tá an t-eolas ar fáil)

---

---

(b) Ainm agus seoladh an ospidéil \_\_\_\_\_

---

7. MIONSONRAÍ NA SOCHAR INÍOCTHA AG AN ROINN  
GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH MAR THORADH  
AR AN mBÁS

(a) Seoladh na hOifige Leasa Áitiúla \_\_\_\_\_

---

---

Déan ráiteas ó d'Oifig Leasa Áitiúil a cheangal leis seo, le do thoil, a léiríonn na sochair a bhfuil cleithiúnaithe an éagaigh i dteideal iad a éileamh, an dáta ar a ceadaíodh an liúntas, an méid a íoctar gach seachtain agus an méid iomlán íoctha go dtí seo. Mar shampla Pinsean Baintrí nó Baintrí Fir, Íocaíocht Caomhnóra, Pinsean Tuismitheora Chleithiúnaigh. I gcás go mbeidh aon deacrachtaí agat i ndáil leis seo, scríobhfaidh an Binse chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh thar do cheann.

8. AON ÁBHAIR BHREISE AR BHREÁ LEAT IAD A THABHAIRT  
AR AIRD AN BHINSE

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

## 9. DEIMHNIÚ ÚDARÁIS

Déan an Deimhniú Údaráis seo a leanas a chomhlánú, le do thoil. I gcás go bhfuil tú ag déanamh iarratais thar ceann duine faoi bhun 18 mbliana d'aois nó thar ceann duine nach bhfuil ar a c(h)umas síniú, ba chóir duit síniú sa spás a chuirtear ar fáil dó sin.

Chuig: An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

- (a) Tá na ráitis i Ranna 1 – 8 fíor ar feadh m'eolais agus mo thuisceana. Tuigim go gcaithfidh mé an Binse a chur ar an eolas faoi aon athrú ar mo imthosca agus go bhféadfadh aon athrú dá leithéid dul i bhfeidhm ar chinneadh an Bhinse faoi mo theidlíocht chun measúnú ar mo chúiteamh a fháil.
- (b) Glacaim leis má chuirim faisnéis fhalsa ar fáil chun méid an chúitimh iníoctha a mhéadú, féadfaidh an Binse méid aon dámhachtana a laghdú nó diúltú go hiomlán don iarratas.
- (c) Glacaim leis go bhféadfadh aon neamhréireacht a aithneofar i ngnóthaí Cánach an éagaigh mo theidlíocht chun cúitimh a laghdú nó a chealú.
- (d) Glacaim leis go bhfuil sé **de dhualgas ar an mBinse nuair is ábhartha** forálacha Airteagail 13 agus 14 den Scéim a bhreithniú nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh acu faoi m'iarratas, agus go bhféadfadh sin mo theidlíocht chun cúitimh a laghdú nó a chealú.
- (e) Glacaim leis go bhféadfaidh an Binse mionsonraí pearsanta i ndáil le m'iarratas a choinneáil mar thaifead ar ríomhaire agus mar thaifead i bhfoirm cóipe crua. Tuigim nach n-úsáidfear an fhaisnéis seo ar aon bhealach seachas do na cúiseanna aitheanta ag uimhreacha (1) go (6) thíos. Ní féidir aon mhionsonraí pearsanta a chuirfidh mé ar fáil i ndáil le m'iarratas chuig an mBinse a scaoileadh go tríú páirtí gan toiliú scríofa a fháil uaim roimh ré. Mar sin féin, féadfar an fhaisnéis seo a úsáid chun staidreamh a ghiniúint i ndáil le tuairiscí riaracháin agus Tuarascáil Bhliantúil an Bhinse.
- (f) Aontaím gach cúnaimh réasúnta a thabhairt don Bhinse, go háirithe i ndáil le haon tuairisc mhíochaine a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu.
- (g) Aontaím glacadh le haon teorainneacha ama réasúnta a iarrfaidh an Binse i ndáil le freagairt do chomhfhreagras nó i ndáil le hachomharc a thaisceadh i gcoinne cinnte comhalta amháin den Bhinse agus i gcás go dtaiscfear achomharc, aontaím an chúis leis a lua.
- (h) Glacaim leis nach ráthaíocht é go ndámhfar dámhachtain i mo chás má íocfaidh an Binse as aon tuairiscí, míochaine nó airgeadais, roimh chinneadh a dhéanfaidh Comhalta amháin den Bhinse nó cinneadh a dhéanfar ag éisteacht achomhairc a mbeidh triúr comhaltaí ann. Glacaim leis freisin go mbeidh sé de cheart ag an mBinse iarratas a dhéanamh ar aisghabháil aon chostas dá leithéid i gcás nach ndámhfar aon dámhachtain de dhroim m'iarratais.

(i) Údaráim:

- (1) Don Dochtúir (do na Dochtúirí) agus don Ospidéal (do na hOspidéil) a chuir cóireáil ar an éagach roimh a b(h)ás tuairisc faoi dhíobhálacha agus cóireáil an Éagaigh a chur faoi bhráid an Bhinse ar iarraidh sin dóibh.
- (2) Do na Gardaí gach faisnéis a sholáthar don Bhinse a bhaineann le m'iaratas, lena n-áirítear mionsonraí aon chionta a taifeadadh i gcoinne an éagaigh agus mionsonraí aon chásanna i gcoinne an éagaigh a bhí gan éisteacht tráth a b(h)áis.
- (3) D'aon Ranna Rialtais, go háirithe don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus do na hÚdaráis Sláinte faisnéis a bhaineann le m'iaratas a sholáthar don Bhinse.
- (4) Do na Coimisinéirí Ioncaim, ráiteas maidir le gnóthaí Cánach an Éagaigh a sholáthar don Bhinse.
- (5) D'fhostóir(i) an Éagaigh, ráiteas faoi thuilleamh an éagaigh agus faoi ábhair eile a bhaineann le m'iaratas a sholáthar don Bhinse.
- (6) Do Chuntasóir an Éagaigh, aon fhaisnéis a iarrfaidh an Binse i ndáil lena t(h)uilleamh a sholáthar don Bhinse.

(j) Tuigim go bhféadfaidh an Binse na húdaráis thuasluaite agus na Comhlachtaí Cúitimh Stáit eile, lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, a chur ar an eolas gur chuir mé iaratas faoi bhráid an Bhinse, agus go bhféadfaidh siad iad a chur ar an eolas faoina gcinneadh.

1. Síniú an Iarrthóra: \_\_\_\_\_

2. Dáta \_\_\_\_\_

3. I gcás go bhfuil an t-iarrthóir faoi bhun 18 mbliana d'aois, ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra dhlíthiúil

Ainm: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

4. Síniú duine ag déanamh iarratais thar ceann duine nach bhfuil ar a c(h)umas síniú agus caidreamh an duine sin leis an iarrthóir.

Síniú \_\_\_\_\_

Caidreamh leis an iarrthóir \_\_\_\_\_